S38T
DON SCRÚDAITHEOIR

**SCRÚDUIMHIR** | | **Iomlán na Marcanna** | |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2005

## EACNAMAÍOCHT BHAILE

### GNÁTHLEIBHÉAL

### DÉ hAOINE 17 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.00

**Iomlán na Marcanna 240**

**TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ**

1. Roinn A - 80 marc.
   Freagair 16 (sé cinn déag) de na ceisteanna ó Roinn A.
   Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

2. Roinn B - 160 marc.
   Freagair 4 (ceithre) cheist ó Roinn B.
   Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

| STAMPA AN IONAID |
|---|
| |

Don scrúdaitheoir amháin

| CEIST | MARC |
|---|---|
| Roinn A (Iomlán) | |
| Roinn B 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| **IOMLÁN** ➔ | |
| **GRÁD** ➔ | |

| | |
|---|---|
| 1. Iomlán na n-iomlán ag deireadh gach leathanaigh. | |
| 2. Iomlán na n-iomlán de gach ceist toirmiscthe. | |
| 3. Marc iomlán bronnta (1 lúide 2). | |
| 4. Bónas do fhreagairt trí Ghaeilge. | |
| 5. Marc iomlán bronnta trí Ghaeilge (3+4) | |

Nóta: Caithfidh an marc i líne 3 (nó líne 5 má tá bónas don Ghaeilge) a bheith cothrom leis an marc sa bhosca **Iomlán na Marcanna** thuas



THALL →

# ROINN A

## 80 marc

**Freagair 16 (sé cinn déag) ceist díobh seo a leanas. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc**.

**1.** Liostaigh **dhá** fhoinse cailciam san aiste bia.

**(i)** ______________________ **(ii)** ______________________

**2.** Cuir in iúl le tic [✓] cé acu fíor **nó** bréagach **gach ceann** de na ráitis seo a leanas.

| | | FÍOR | BRÉAGACH |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Is é is ciall le glónrú ná ubh nó bainne a scuabadh ar bhia sula ndéantar é a bhácáil. | | |
| **(ii)** | D’fhéadfadh easpa vitimín C san aiste bia a bheith mar chúis scorbach. | | |
| **(iii)** | Ciallaíonn sauté aer a thabhairt isteach i gcumasc (meascán). | | |

**3.** Ainmnigh **dhá** bhia a bhfuil cion ard salainn iontu.

**(i)** ______________________ **(ii)** ______________________

**4.** Tabhair **dhá** bhuntáiste a bhaineann le harán caiscín a bheith san aiste bia.

**(i)** ________________________________________________

**(ii)** ________________________________________________

**5.** Mol **trí** bhealach chun saill a laghdú san aiste bia.

**(i)** ________________________________________________

**(ii)** ________________________________________________

**(iii)** ________________________________________________

**6.** Cuir in iúl le tic [✓] cé acu an bhfuil **gach ceann** de na ráitis seo a leanas fíor **nó** bréagach.

| | | **FÍOR** | **BRÉAGACH** |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Is bunriachtanas é bia nach mór soláthar a dhéanamh dó i mbuiséad teaghlaigh. | | |
| **(ii)** | Cuirfidh fógra maith fonn orainn an táirge a cheannach. | | |
| **(iii)** | Ní féidir earraí a cheannaítear ag reic a thabhairt ar ais. | | |

**7.** Tabhair **dhá** bhuntáiste a bhaineann le barrachóid.

**(i)** ____________________________________________

**(ii)** ____________________________________________

**8.** Cuir tic [✓] le pé acu de na hasraonta a chuireann earraí **nó** seirbhísí ar fáil.

| ASRAONTA | EARRAÍ | SEIRBHÍSÍ |
|---|---|---|
| Siopaí bróg | | |
| Gruagairí | | |
| Búistéirí | | |
| Díoltóirí nuachtán | | |
| Tirimghlantóirí | | |

**9.** Tabhair **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cuntas bainc a úsáid.

**(i)** ____________________________________________

**(ii)** ____________________________________________

**10.** Cuir in iúl le tic [✓] cé acu an bhfuil **gach ceann** de na ráitis seo a leanas fíor **nó** bréagach.

| | | FÍOR | BRÉAGACH |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Ciallaíonn cothromas inscne caitheamh go cothrom le fireanna agus le baineanna. | | |
| **(ii)** | Ceanglaíonn an tsrincne an féatas don mháthair. | | |
| **(iii)** | Bealach maith chun déileáil le coimhlint is ea neamhshuim a dhéanamh den cheist agus a bheith ag súil go n-imeoidh sí. | | |

**11.** Luaigh cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go mbeadh caithimh aimsire ag déagóirí.

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**12.** Luaigh **trí** chúis go mbainfeadh roinnt déagóirí mí-úsáid as alcól.

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**(iii)** ____________________

**13.** Cén chiall a bhaineann leis an téarma *sláinte intinne,* dar leat? ____________________

____________________

____________________

**14.** Mínigh cén fáth a gcuirtear fluairíd leis an soláthar uisce poiblí de ghnáth.

____________________

____________________

____________________

**15.** **(i)** Is sampla de dhath fionnuar é ________________________________________

**(ii)** Is sampla de dhath teolaí é ________________________________________

**16.** Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le gás a úsáid sa teach.

Buntáiste ________________________________________________________________

Míbhuntáiste ______________________________________________________________

**17.** Liostaigh **trí** threoirlínte ba cheart a leanúint nuair a bhíonn inneall (meaisín) fuála á úsáid agat.

**(i)** ________________________________________________________________

**(ii)** ________________________________________________________________

**(iii)** ________________________________________________________________

**18.** Ainmnigh bailchríoch fabraice **amháin** agus luaigh an cuspóir a bhaineann léi.

| BAILCHRÍOCH FABRAICE | CUSPÓIR |
|---|---|
| **(i)** ____________________________ | **(i)** ____________________________<br>____________________________ |

**19.** Luaigh **dhá** chúis a n-úsáidtear cuirtíní sa teach.

**(i)** ________________________________________________________________

**(ii)** ________________________________________________________________

**20.** Mínigh an téarma ***gabhálas faisin*** ____________________________________________

________________________________________________________________________

Tabhair sampla **amháin** de ghabhálas faisin ______________________________________

## ROINN B
## 160 marc

**Freagair 4 (ceithre) ceist ón roinn seo.**


**1.** **(a)** Ainmnigh codanna na huibhe a bhfuil na lipéid **1, 2, 3** agus **4** orthu**.**

**1.** ______________________________

**2.** ______________________________

**3.** ______________________________

**4.** ______________________________




**(b)** Liostaigh **trí** chúis a mbaineann tábhacht le huibheacha san aiste bia.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(c)** Ainmnigh cothaitheach **amháin** nach bhfuil i láthair in uibheacha ____________________

**(d)** Ainmnigh mias milis **amháin** agus mias neamh-mhilis **amháin** ina n-úsáidtear uibheacha.

| MILIS | NEAMH-MHILIS |
|---|---|
| **(i)** ______________________ | **(i)** ______________________ |

**(e)** Liostaigh na treoirlínte ba cheart a leanúint nuair a bhíonn uibheacha á gceannach agus á stóráil.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**2.** **(a)** Luaigh **<u>trí</u>** chúis a ndéantar roinnt bianna a chócaráil sula n-itear iad.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(b)** Mol modh cócaireachta **<u>difriúil</u>** do **<u>gach ceann</u>** de na bianna seo a leanas:

| BIA | MODH CÓCAIREACHTA |
|---|---|
| Pasta | |
| Cístí na banríona | |
| Slisíní Bagúin | |
| Sicín iomlán | |
| Úlla cócaireachta | |

**(c)** Tabhair cúis **<u>amháin</u>** le **<u>gach ceann</u>** díobh seo a leanas:

**(i)** go mbriseann iasc úr as a chéile le linn cócaireachta in ola ______________________________

**(ii)** go n-éiríonn feoil righin ______________________________

**(iii)** go bpléascann ispíní le linn cócaireachta in oigheann micreathoinne ______________________________

**(iv)** go dtiteann císte spúinse sa lár ______________________________

**(d)** Céard a chiallaíonn **'*al dente*'** nuair a bhíonn pasta á chócaráil? ______________________________

**3.** **(a)** Céard is tomhaltóir ann? ______________________________

______________________________

**(b)** Liostaigh **<u>trí</u>** cheart agus **<u>trí</u>** fhreagracht tomhaltóra.

**Cearta**

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**Freagrachtaí**

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(c)** **(i)** Ainmnigh áisíneacht **<u>amháin</u>** a chuireann eolas ar fáil don tomhaltóir.

______________________________

**(ii)** Mínigh conas a chosnaíonn an áisíneacht atá ainmnithe agat tomhaltóirí.

______________________________

______________________________

______________________________

**(d)** Déan sceitse de shiombail sábháilteachta a mbeadh tomhaltóir ag súil léi a bheith ceangailte d'fhearas leictreach.

**Sceitse**


**4.** **(a)** Ainmnigh na codanna den chraiceann a bhfuil na lipéid **A, B, C** agus **D** orthu.

**A.** ______________________

**B.** ______________________

**C.** ______________________

**D.** ______________________




**(b)** Roghnaigh an focal ceart as an liosta seo a leanas chun **gach ceann** de na habairtí seo a leanas a chríochnú.

**soithí fola** **néaróga** **faireoga allais** **faireoga ola** **cealla saille**

**(i)** Ligeann na ____________________ dúinn mothuithe, mar shampla teas, a bhraith.

**(ii)** Tugann na ____________________ ocsaigin agus cothaithigh don chraiceann.

**(iii)** Táirgeann na ____________________ substaint a thaisíonn an craiceann.

**(iv)** Cuidíonn na ____________________ chun an corp a insliú.

**(v)** Baineann na ____________________ fuíoll as an gcorp trí na póireacha.

**(c)** **(i)** Conas is féidir leis an iomarca nochtadh don ghrian dochar a dhéanamh do chraiceann an duine?

______________________________________________

______________________________________________

**(ii)** Luaigh **dhá** threoirlínte ba cheart a leanúint agus tú ag luí faoin ngrian.

**(i)** ______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

**(d)** Liostaigh **trí** bhealach inar féidir le déagóirí leathadh aicne a chosc.

**(i)** ______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

**(iii)** ______________________________________________

**5.** **(a)** Liostaigh **ceithre** phointe ba cheart a chur san áireamh nuair a bhíonn cuisneoir tí á cheannach.

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**(iii)** ____________________

**(iv)** ____________________

**(b)** Luaigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le cuisneoir a úsáid.

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**(iii)** ____________________

**(c)** Maidir le bia a stóráil i gcuisneoir, mínigh cén fáth a bhfuil sé tábhachtach:

**(i)** an doras a oscailt a laghad agus is féidir ____________________

____________________

**(ii)** ligint do bhia cócaráilte fuarú ____________________

____________________

**(iii)** bia a bhfuil boladh láidir as a chlúdach ____________________

____________________

**(d)** Ainmnigh **trí** chineál pacáistithe atá oiriúnach chun bia a stóráil i gcuisneoir agus mol bia **difriúil** a bhfuil **gach** cineál pacáistithe atá ainmnithe agat oiriúnach dó.

| **CINEÁL PACÁISTITHE** | **BIA OIRIÚNACH** |
|---|---|
| **(i)** ____________ | **(i)** ____________ |
| **(ii)** ____________ | **(ii)** ____________ |
| **(iii)** ____________ | **(iii)** ____________ |

**6.** **(a)** Luaigh **trí** úsáid is féidir a bhaint as teicstílí sa teach.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(b)** Ainmnigh, déan sceitse agus déan cur síos ar airteagal tí atá déanta agat mar chuid de do Staidéar Teicstíle.

**Ainm** ______________________________

**Cur Síos** ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**Sceitse**

**(c)** Ainmnigh an fhabraic/na fabraicí a d'úsáid tú chun an t-airteagal tí a dhéanamh ________

______________________________

**(d)** Liostaigh **trí** phointe a chuir tú san áireamh nuair a bhí an fhabraic/na fabraicí á roghnú agat don airteagal tí.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(e)** Déan cur síos ar ghné ornáideach a bheadh oiriúnach don airteagal atá déanta agat.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

Leathanach Bán